**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0129/2021**

20.4.2021

***

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas agus Cúba maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir atá san áireamh i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
(10637/2020 – C9-0097 /2021 – 2020/0233(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Gabriel Mato

PR_NLE-AP_Agreement

| | |
|---|---|
| **_Eochair do na siombailí a úsáidtear_** | |
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ......................................................................7

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........8

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas agus Cúba maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir atá san áireamh i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**
**(10637/2020 – C9-0097/2021 – 2020/0233(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10637/2020),

– ag féachaint don Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas agus Cúba maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir atá san áireamh i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (10638/20),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (C9-0097/2021),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0129/2021),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir atá san áireamh i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I mí Dheireadh Fómhair 2018, sheol an tAontas Eorpach an próiseas caibidlíochta go foirmiúil faoi Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) le roinnt Comhaltaí de EDT sa Ghinéiv. Is é bunphrionsabal na gcaibidlíochtaí ná 'cur chuige comhpháirteach' a forbraíodh idir AE agus an Ríocht Aontaithe siar in 2017 maidir le conas na ceangaltais chainníochtúla a 'chionroinnt', ar ceangaltais iad atá i sceideal EDT de chuid AE28 maidir leis na 143 chuótaí rátaí taraife talmhaíochta, éisc agus tionsclaíocha EDT de chuid AE. Is é bunús an chur chuige seo ná go gcoimeádfar méid reatha gach cuóta ráta taraife ina iomláine amach anseo, ach go ndéanfar iad a roinnt idir dhá chríoch custaim éagsúla: AE27 agus an Ríocht Aontaithe.

Tá prionsabal na modheolaíochta atá i bhfeidhm bunaithe ar shreabhadh trádála isteach in AE27 agus isteach sa Ríocht Aontaithe i rith tréimhse thagartha ionadaíochta do gach cuóta ráta taraife de chuid EDT.

An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún caibidlíochtaí a sheoladh faoi Airteagal XXVIII GATT le Comhaltaí ábhartha EDT d'fhonn lamháltais EDT an Aontais ar chuótaí ráta taraife a chionroinnt.

Tá tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht atá beartaithe i Rialachán (AE) 2019/216 ón gComhairle agus ón bParlaimint. Go sonrach, le hAirteagal 2b) den Rialacháin seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún na scaireanna cionroinnte a leasú agus faisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 nó ó fhoinsí eile lena mbaineann leas i dtaraif ráta cuóta ar leith á gcur san áireamh.

Chuathas i gcomhairle go rialta leis an gComhairle (An Coiste um Beartas Trádála) maidir le hábhar agus dul chun cinn na gcaibidlíochtaí. Ba é an toradh a bhí ar na caibidlíochtaí le Cúba ná Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ar cuireadh inisealacha leis an 3 Iúil 2020 sa Ghinéiv ('an Comhaontú').

Dá bharr sin, molann an Coimisiún Eorpach don Chomhairle síniú an Chomhaontaithe a údarú, faoi réir a thabhairt i gcrích ag céim níos déanaí.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Cinneadh faoi thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas agus Cúba maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir atá san áireamh i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |
| **Tagairtí** | 10637/2020 – C9-0097/2021 – 2020/0233(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 11.3.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>24.3.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE 24.3.2021<br>AGRI 24.3.2021<br>PECH 24.3.2021 |
| **Gan tuairimí a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ITRE 15.10.2020<br>AGRI 22.9.2020<br>PECH 25.3.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Gabriel Mato<br>1.10.2020 |
| **Pléite sa choiste** | 10.11.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.4.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 40<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Miroslav Čížˇ, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Emmanouil Fragkos, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Maximilian Krah, Danilo Oscar Lancini, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Massimiliano Salini, Helmut Scholz, Liesje Schreinemacher, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Markus Buchheit, Jean-Lin Lacapelle, Joachim Schuster |
| **Dáta don chur síos** | 20.4.2021 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 40 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Emmanouil Fragkos, Dominik Tarczyński |
| ID | Markus Buchheit, Roman Haider, Maximilian Krah, Jean-Lin Lacapelle, Danilo Oscar Lancini |
| NI | Tiziana Beghin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Massimiliano Salini, Sven Simon, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Liesje Schreinemacher, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Miroslav Číž, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Joachim Schuster, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jan Zahradil |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh